| | |
|---|---|
| **DO:** | Príomhoidí uile, le roinnt le tuismitheoirí, caomhnóirí agus foirne |
| **Ó:** | Dr Eamonn O'Moore, Stiúrthóir, Cosaint Sláinte Naisiúnta;<br>Dr Abigail Collins, Ceannasaí Náisiúnta Sláinte Leanaí, Sláinte Poiblí |
| **RE:** | Méadú suntasach ar ionfhabhtuithe víreasacha agus ionfhabhtuithe Strep Grúpa A |
| **DÁTA:** | 7 Nollaig 2022 |

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na na n-ionfhabhtuithe víreasacha go ginearálta i measc leanaí agus daoine óga an gheimhreadh seo.

Tá imní chomh maith faoi ionfhabhtú neamhchoitianta baictéarach le déanaí. An t-ionfhabhtú seo ná iGAS (ionfhabhtú ionrach Streipteacocúil Grúpa A). Strep Grúpa A a thugtar air chomh maith.

**Meadú suntasach ar ionfhabhtuithe víreasacha**

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na ngnáthionfhabhtuithe víreasacha geimhridh. Ina measc seo tá méadú ar an bhfliú. Is toisc go bhfuil leanaí ag meascadh lé chéile níos minicí atá seo ag tarlú. Sna blianta roimhe seo, bhí níos lú caidrimh sóisialta ann, rud a laghdaigh rátaí ghnáthionfhabhtuithe.

**Gnáthsiomptóim ionfhabhtuithe víreasacha**

I measc ghnáthsiomptóim ionfhabhtuithe víreasacha tá:

- Srón smaoiseach nó blocáilte
- Fiabhras éadrom
- casacht
- marbhántacht (tuirse)

Bíonn gríos ginearálaithe ar roinnt leanaí le hionfhabhtuithe víreasacha.

Is féidir cúram a thabhairt d'fhormhór leanaí le hionfhabhtuithe víreasacha go sábháilte sa bhaile.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar https://www2.hse.ie/conditions/colds-coughs-children/

**Strep Grúpa A agus ionfhabhtuithe baictéaracha ceangailte**

Tá cásanna dáiríre ann d'ionfhabhtuithe baictéaracha, go sonrach Strep Grúpa A.

Is annamh a bhíonn ionfhabhtuithe dian. De ghnáth, cúisíonn Strep Grúpa A ionfhabhuithe cosúil le:

- céislíníteas
- fiabhras dearg
- ionfhabhtú craicinn

Tá cásanna feicithe in Éirinn atá níos dáiríre le déanaí, ach níl aon méadú go dtí seo i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh na paindéime Covid-19.

Cuirfear eolas maidir le galair a chúisíonn imní ar hse.ie thar na laethanta agus seachtainí atá le teacht.

## Teachtaireachtaí tabhachtacha do theaghlaigh agus leanaí maidir le ionfhabhtú *ar bith*:

**1) Is éard is tábhachtaí ná fanacht sa bhaile má tá tú tinn.**

Is minic a bhíonn srón smaoiseach nó casacht éadrom ar leanbh le linn an gheimhridh. Má tá leanbh tinn, áfach, ba chóir dóibh bheith sa bhaile. Mar shampla, d'fhéadfadh go bhfuil acu:

- **fiabhras**
- **casacht,** agus
- **scornach tinn**

Ba chóir don leanbh fanacht sa bhaile go dtí go bhfuil deireadh leis na siomptóim sin.

Féach https://www2.hse.ie/conditions/colds-coughs-children/

Is dóichí go scapfadh leanaí le siomptóim ionfhabhtuithe. Mar shampla, d'fhéadfaidís fliú nó ionfhabhtuithe baictéaracha a scapadh. Má fhanann said sa bhaile agus iad tinn, seachnófar scapadh i measc leanaí eile, teaghlach agus foirne.

**2) Modhanna coisc agus smachta ar ionfhabhtuithe**

- Clúdaigh casacht agus sraothanna
- Coimeád lámha glan

Tá tábhacht fós ag baint leis na bearta seo a ndeachamar i dtaithí orthu le linn Covid-19. Ba chóir iad a mholadh do chách. Cuireann na bearta seo cosc ar scapadh ionfhabhtuithe.

**3) Vacsaíniú**

Má tá do leanbh suas-chun-dáta ar na vacsaíní uile a mholtar, cuideoidh sé chun:

- cosc a chur ar do leanbh ionfhabhtú a fháil agus
- an dóchúlacht go n-éiríonn siad tinn a laghdú sa chás go bhfaigheann said ionfhabhtú

Cosnaíonn gnáthvacsaíní na hóige leanaí ó roinnt mhaith ionfhabhtuithe suntasacha víreasacha agus baictéaracha.

Níl aon vaicsín i gcoinne roinnt ghalar víreasacha ná i gcoinne Streip A.

Tuilleadh eolais ar https://www2.hse.ie/babies-children/vaccines-your-child/

**Vaicsín fliú**
Tá an vacsaín fliú ar fail i bhfoirm sprae sróine do leanaí d'aois idir 2 agus 17 bliana. Cuidíonn sé cosaint in aghaidh dianionfhabhtú agus scapadh ar aghaidh.

Féach https://www2.hse.ie/conditions/flu/childrens-flu-vaccine/

Moltar do roinnt mhaith daoine fásta an vaicsín fliú a fháil.

Tuilleadh eolais ar
www2.hse.ie/conditions/flu/getting-the-vaccine/

Vaicsíniú in aghaidh Covid-19 fós ar fáil. Féach
www2.hse.ie/screening-and-vaccinations/covid-19-vaccine/get-the-vaccine/children/

Na bealaí is tábhachtaí scapadh gach ionfhabhtaithe ná:

- déanamh cinnte go bhfanann aon duine tinn sa bhaile
- go mbeadh leanaí agus daoine fásta suas-chun-dáta lena vaicsíní molta, ina measc an fliú

**4) Má tá imní ort faoi do leanbh**

Má tá imní ort maidir le do leanbh, téigh go hse.ie. Tá eolas ansin ar chasacht, slaghdáin, fiabhrais, gríosú agus siomptóim eile a mbeadh imní ort fúthu. Tá comhairle ann maidir le cathain dul i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó freastal ar rannóg éigeandála an ospidéil.
https://www2.hse.ie/conditions/colds-coughs-children/